

# An Rúnaí Cuideachta

## Dualgais agus Cumhachtaí

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúirhóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Clár

---

Maidir leis an treoir seo	2
Cad is rúnaí cuideachta ann?	2
An gá do chuideachtaí rúnaí cuideachta a cheapadh?	2
Cad a dhéanann an rúnaí cuideachta?	2
Cé na daoine ar féidir leo bheith ina rúnaí cuideachta?	3
Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú mar rúnaí cuideachta?	3
Conas a cheaptar rúnaí cuideachta?	4
Cad iad príomhdhualgais an rúnaí cuideachta?	4
Eolas pearsanta a nochtadh	4
Dualgais riaracháin	5
Dualgais faoin dlí	6
Caighdeáin phearsanta	6
Cad iad na cumhachtaí a leagtar ar rúnaí cuideachta?	7
Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?	7

## Maidir leis an treoir seo

---

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn roinnt dá leagtar de dhualgas agus de chúram ar rúnaí cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## Cad is rúnaí cuideachta ann?

---

An rúnaí cuideachta a dhéanann dualgais riaracháin agus dlíthiúla na cuideachta. Mínítear na dualgais níos faide amach sa treoir seo. Is iondúil gurb iad na stiúrthóirí a cheapann an rúnaí cuideachta. Is féidir leis an rúnaí cuideachta a bheith ina dhuine nó ina chomhlacht a chuireann seirbhísí den chineál cuí ar fáil do ghnólachtaí eile.

## An gá do chuideachtaí rúnaí cuideachta a cheapadh?

---

Is gá. Ní foláir faoin dlí rúnaí cuideachta a bheith ag gach cuideachta.

## Cad a dhéanann an rúnaí cuideachta?

---

Is é ról a leagtar ar an rúnaí cuideachta:

- treoracha stiúrthóirí na cuideachta a chur i bhfeidhm;
- cuidiú lena chinntiú go ndéanann an chuideachta de réir an dlí agus rialacha bhunreacht na cuideachta; agus
- doiciméid dhlíthiúla na cuideachta a ullmhú agus a choinneáil i riocht maith.

## Cé na daoine ar féidir leo a bheith ina rúnaí cuideachta?

Ní theastaíonn cáilíochtaí foirmeálta ó dhuine chun bheith ina rúnaí cuideachta ag cuideachta phríobháideach. Ní mór, chun bheith incháilithe maidir le feidhmiú mar rúnaí ar chuideachta phoiblí theoranta (CPT):

- cáilíocht chúí ó Institiúid na Rúnaithe Cairte agus na Riarthóirí (ICSA); nó
- taití ar a laghad 3 bliana mar rúnaí cuideachta.

Ní mór do na Stiúrthóirí a dheimhniú go bhfuil an té a cheapann siad mar rúnaí cuideachta inniúil ar gach dualgas faoin dlí agus gach dualgas eile a chomhlíonadh.

## Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú mar rúnaí cuideachta?

D'fhonn an pobal a chosaint, ní cheadaítear faoin dlí do roinnt daoine feidhmiú mar rúnaí cuideachta. Áirítear orthu sin:

- **féimhigh neamhurscaoilte** – daoine a bhfuil achainí déanta acu ar fhéimheacht agus nach bhfuil cead faighte acu ón gcúirt stopadh ag déanamh íocaíochtaí maidir leis na fiacha;
- **duine dícháilithe** – daoine a fuarthas ciontach sa chúirt i gcalaois nó i mí-iompar tromchúiseach agus atá dícháilithe ó ghníomhú mar rúnaí cuideachta go ceann tréimhse áirithe; agus
- **daoine srianta** – daoine a dteipeann orthu a dheimhniú don chúirt go ndearna siad go macánta agus go cúramach i ndáil le cuideachta dhócmhainneach. Ní féidir le duine den chineál seo feidhmiú mar rúnaí ach amháin i gcuideachta a bhfuil suim mhór airgid infheistithe ag na comhaltaí i gcaipiteal na cuideachta sin.

## Conas a cheaptar rúnaí cuideachta?

---

Nuair a chuirtear cuideachta ar bun, ceapann na stiúrthóirí rúnaí cuideachta agus luaitear ainm an té sin sna doiciméid a sheoltar leis an mbunreacht chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus an chuideachta á clárú.

Sa chás go dtagann rúnaí cuideachta nua in áit an rúnaí, ceapann na stiúrthóirí an rúnaí cuideachta nua. Nuair a cheaptar rúnaí cuideachta, ní mór don té sin aontú i scríbhinn feidhmiú mar rúnaí cuideachta.

Is féidir le duine de na stiúrthóirí a bheith mar rúnaí cuideachta. Ina ainneoin sin, sa chás nach bhfuil ach aon stiúrthóir amháin ag cuideachta, ní duine seachas sin a cheapadh ina rúnaí cuideachta.

## Cad iad príomhdhualgais an rúnaí cuideachta?

---

Tá dualgais éagsúla den tábhacht ar an rúnaí cuideachta.

### Eolas pearsanta a nochtadh

Ní mór don rúnaí cuideachta, tráth an cheapacháin, an t-eolas seo a thabhairt don chuideachta:

- ainm, seoladh, náisiúntacht agus slí bheatha; agus
- mionsonraí faoi scaireanna nó iasachtaí ar bith de chuid na cuideachta nó de chuid chuideachta ghaolmhar a bhfuil leas acu iontu.

## Dualgais riaracháin

Áirítear ar na dualgais riaracháin:

- cláir na cuideachta a choimeád, ina measc:
  - clár na gcomhaltaí, agus
  - clár na stiúrthóirí agus clár na rúnaithe cuideachta agus na leasanna atá acu i scaireanna agus i gconarthaí de chuid na cuideachta;
- cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) na cuideachta agus cruinnithe ginearálta urghnácha (CGU), más gá, a eagrú agus an cháipéisíocht a ghabhann leis na cruinnithe sin a sheoladh go dtí na comhaltaí;
- cruinnithe an bhoird agus fhochoistí an bhoird a eagrú agus a chinntiú go mbíonn na cáipéisí is gá ag na stiúrthóirí chun na ceisteanna atá le plé a mheas;
- miontuairiscí chruinnithe ginearálta na cuideachta agus chruinnithe an bhoird agus na bhfochoistí a ullmhú. Tugtar cuntas sna miontuairiscí ar an bplé agus ar ar aontaíodh ag an gcruinniú;
- cláir, leabhar miontuairiscí agus doiciméid ábhartha eile na cuideachta a chur ar fáil lena scrúdú ag an mbord agus ag an bpobal;
- eolas leasaithe agus doiciméid a sheoladh in am chuid an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus comhlachtaí ábhartha eile;
- fógraí dlí a fhoilsiú sna meáin;
- seilbh a choinneáil ar shéala na cuideachta – gléas a bhfuil ainm na cuideachta greanta air chun doiciméid de chuid na cuideachta a stampáil; agus
- cúnamh taca maidir le cúrsaí dlí agus riaracháin a thabhairt do na stiúrthóirí.

## Dualgais faoin dlí

Ní mór don rúnaí cuideachta, in éineacht le duine amháin nó níos mó ná sin de na stiúrthóirí:

- tuairisceán bliantúil na cuideachta a líonadh isteach, a shíniú agus a sheoladh go dtí an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO);
- a dheimhniú gur cóipeanna dílse de na leaganacha bunúsacha na ráitis airgeadais a cheanglaítear leis an tuairisceán bliantúil; agus
- ráiteas cruinn faoi shócmhainní agus dhliteanas na cuideachta (a bhfuil faoi úinéireacht aici agus dlite uaithe) a ullmhú sa chás go gcuirtear an chuideachta á leachtú nó faoi lámh glacadóra.

Leachtú an próiseas a úsáidtear chun críoch a chur le cuideachta faoin dlí. Tagann glacadóireacht i gceist nuair a cheapann banc nó dream iasachta eile duine, ar a dtugtar glacadóir, chun sócmhainní cuideachta a dhíol ionas go n-íoctar fiach urraithe nach bhfuil ar chumas na cuideachta í a íoc nuair atá aisíocaíochtaí dlite.

## Caighdeáin phearsanta

Ní mór don rúnaí cuideachta:

- feidhmiú le meon maith ar mhaithe leis an gcuideachta; agus
- feidhmiú leis an gcúram cuí, an scil chuí agus an dúthracht chuí ar mhaithe leis an gcuideachta agus le comhaltaí na cuideachta.

Is féidir piónós a ghearradh ar rúnaí cuideachta más é breith na cúirte gur sháraigh an rúnaí nó an chuideachta Acht na gCuideachtaí. Is féidir dliteanas (freagracht) as aon chaillteanas a thagann de thoradh a gcuid faillí (míchúraim) a leagan orthu.



## Cad iad na cumhachtaí a leagtar ar rúnaí cuideachta?

---

Tá roinnt bheag cumhachtaí a leagtar ar an rúnaí cuideachta faoin dlí agus is féidir leis na stiúrthóirí cumhachtaí eile a leagan orthu.

Is féidir le rúnaí cuideachta:

- conarthaí a nascadh a bhaineann le gnáthchúrsaí na cuideachta;
- conarthaí eile a nascadh atá ceadaithe ag na stiúrthóirí; agus
- cumhacht ar bith eile a úsáid atá tarmligthe leo ag na stiúrthóirí.

## Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?

---


Is féidir eolas níos mine faoin rúnaí cuideachta a fháil ar láithreán gréasáin na hoifige, [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoin rúnaí cuideachta agus faoinar gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.



## **Séanadh**

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar rúnaí cuideachta faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d’Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas nó easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*